Análú tarrthála

Amharc ar na grianghraif seo. Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú. Bain úsáid as na grianghraif agus na focail sa bhosca thíos le cuidiú leat cur síos a dhéanamh ar an dóigh le hanálacha tarrthála a thabhairt. Déan iarracht na focail uilig a úsáid i do chur síos.

AERBHEALACH	SRÓN	TÓG	SMIG	FÁISC	BÉAL
CLIABHRACH	ARDAIGH	TIT	DHÁ	ANÁIL	OSCAIL

1 .....

.....

.....

.....

.....

2 .....

.....

.....

.....

.....

3 .....

.....

.....

.....

.....

Bain triail as seo anois!
I mbeirteanna, léirigh agallamh a mhíníonn an dóigh ar shábháil tú beatha duine clúiteach. Ba cheart go ndéanfadh duine agaibh páirt an tuairisceora nuachta, agus an duine eile páirt an agallaí. Déan cur síos soiléir ar an dóigh ar chuir tú na céimeanna uilig sa ghnáthamh i gcrích, análú tharrthála san áireamh.

Beart éigeandála

Imir an cluiche seo i mbeirteanna le cuidiú libh cuimhneamh ar na bearta cearta agus ar an ord nuair a bhuaileann stad cairdiach duine.

DÉAN SEICEÁIL FAOI CHOINNE GNÁTHANÁLAITHE	CUIR AN DUINE SA LUÍ TÉARNAIMH
SCAIRT AR CHUIDIÚ	COINNIGH CEANN AN DUINE IN AIRDE
TABHAIR 30 COMHBHRÚ CLIABHRAIGH AG RÁTA DE 100-120 SA BHOMAITE	TABHAIR 50 COMHBHRÚ CLIABHRAIGH AG RÁTA DE 200 SA BHOMAITE
TABHAIR ANÁIL THARRTHÁLA AMHÁIN	OSCAIL AN T-AERBHEALACH
DÉAN SEICEÁIL FAOI CHOINNE CONTÚIRTE	DÉAN SEICEÁIL FAOI CHOINNE GNÁTHANÁLAITHE
DÉAN COMHBHRÚNNA CLIABHRAIGH AGUS 4 ANÁIL THARRTHÁLA AR A SEAL	MUNA BHFUIL AN DUINE AG ANÁLÚ MAR IS CEART, CUIR SCAIRT AR 999/112, agus fiosraigh an bhfuil uath-dhífhibrileoir seachtrach ag an tsuíomh
	TABHAIR DHÁ ANÁIL THARRTHÁLA
DÉAN 30 COMHBHRÚ CLIABHRAIGH AGUS 2 ANÁIL THARRTHÁLA AR A SEAL	DRUID AN T-AERBHEALACH

Treoracha

1. Gearr na ráitis seo amach agus cuir béal faoi ar an tábla iad. Déan cinnte de go mbeidh siad measctha le chéile. Níl siad uilig i gceart.
2. Tiontaigh gach ceann thart ar a seal agus socraigh cé acu a bheidh oraibh é a choinneáil nó a fháil réidh dó. Ansin, tá bomaite amháin agaibh leis na ráitis ábhartha a chur san ord cheart.
3. Nuair a bheidh seo déanta agat, tabhair do do chara iad. Déan iarracht cuimhneamh ar an ord uilig, agus abair os ard é fad is a dhéanann do chara seiceáil in éadan na ráiteas. Ba cheart don bheirt agaibh tabhairt faoi seo.

Aisteoireacht!

Roinn na daltaí ina ngrúpaí agus roghnaigh ceann de na cásanna thíos. Pléigh na rudaí a d'fhéadfadh tarlú, ansin socraigh ar na rudaí a dhéanfaidh tú agus ar an ord. Pléigh an dóigh a mothódh gach duine. Tabhair do chuid smaointe uilig le chéile agus léirigh an radharc ach aisteoireacht.

Cás 1

Tá tú i gcaifé le cara nuair a thiteann duine i laige ar an urlár. Tá gloine bhriste in aice leis an taismeach. Baineann tú é, ansin déanann tú iarracht cuidiú a chur ar fáil. Tugann tú faoi deara nach bhfuil an taismeach ag análú mar is ceart...



Cás 2

Tá tú sa bhaile leat féin agus síleann tú gur thit do mháthair ina codladh os comhair na teilifíse. Nuair a dhéanann tú iarracht í a mhúscailt ní fhreagraíonn sí. Tá sí neamhaireachtálach agus níl sí ag análú mar is ceart. Síleann tú gur bhuail stad cairdiach í...

Cás 3

Tá tú ag an pháirc scátála le do dlúthchara. Nuair a stopann tú faoi choinne sosa tugann tú faoi deara go bhfuil fear ann a mhothaíonn tinn. Tosaíonn sé ag cur allais agus tá fadhbanna anála aige. Ansin, titeann sé i laige...



An ráta ceart a bhaint amach

Bain triail as na gníomhaíochtaí thíos le cleachtadh a fháil ar chomhbhrúnna cliabhraigh agus an ráta ceart a bhaint amach. I gcás éigeandála, bíonn thart faoi 30 comhbhrú de dhíth agus ráta 100 comhbhrú gach bomaite ann.

Cá fhad?
Ba cheart go nglacfadh sé thart faoi 18 soicind le 30 comhbhrú a dhéanamh.

1 Cniogóga Laidhre

De dhíth: mála pónairí, stopuaireadóir

Déan an ghníomhaíocht seo taobh amuigh nó sa halla spóirt. Cuir an mála pónairí ar an urlár agus ansin déan cniogóga air le do chos agus rithim nadúrtha in úsáid agat. Ba cheart do do chara bomaite amháin a thabhairt duit é seo a dhéanamh agus é a thomhas ar an stopuaireadóir. Déan iarracht 100 cniogóg a bhaint amach leis an chos chéanna. Muna bhfuil mála pónairí agat, is féidir líne a tharraingt ar an urlár agus cniogóga a dhéanamh air seo le do chos.

2 Coinnigh leis an Rithim

De dhíth: stopuaireadóir

Déan an ghníomhaíocht seo i ngrúpaí de thriúr. Ba cheart do bheirt seasamh os comhair a chéile. Déan bualadh bos agus ansin buail do dhorn ar bhos thall do charad. Déan iarracht an rithim a choinneáil. Déan é seo ar feadh bomaite amháin agus an tríú duine ag tomhais an ama ar an stopuaireadóir. Nuair a bheidh tú in ann seo a dhéanamh 100 uair i mbomaite amháin, déan iarracht 30 a bhaint amach taobh istigh de 18 soicind. Tabhair seal do gach duine.

3 Preabadh Liathróide

De dhíth: liathróid, stopuaireadóir

Déan an ghníomhaíocht seo i mbeirteanna taobh amuigh nó sa halla spóirt. Iarr ar do chara an liathróid a phreabadh arís agus arís eile in éadan an dorais agus a dhá lámh in úsáid aige. Tabhair bomaite amháin dó é seo a dhéanamh agus tomhais an t-am ar an stopuaireadóir. Ar bhur seal, déanaigí cleachtadh air seo go dtí go mbeidh an bheirt agaibh in ann an liathróid a phreabadh 100 uair in aon bhomaite amháin le rithim nadúrtha. Ansin, déanaigí iarracht an liathróid a phreabadh 30 uair taobh istigh de 18 soicind.